Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2024
(OR. en)

10565/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0130(COD)**

CODEC 1396
PI 81
PHARM 86
MI 661
COMPET 748
IND 344
PE 145

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (athmhúnlú)<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 26 go dtí an 29 Feabhra 2024) |

# I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Tiemo WÖLKEN (S&D, DE), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) ina raibh 65 leasú (leasuithe 1 go 65) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir an grúpa PPE leasú amháin síos (leasú 66).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024, ghlac sé an leasuithe 1 go 65 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasú eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**(28.2.2024)**

## P9_TA(2024)0099

## Deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (athmhúnlú)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (athmhúnlú) (COM(2023)0231 – C9-0146/2023 – 2023/0130(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach – athmhúnlú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0231),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0146/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Meán Fómhair 2023[1],

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha den teicníc um athmhúnlú maidir le gníomhartha dlí[2],

– ag féachaint do Rialacha 110 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0022/2024),

A. de bhrí, de réir Mheitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i gceist leis an togra ón gCoimisiún, seachas na leasuithe sin a shainaithnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus de bhrí, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ó na gníomhartha roimhe sin in éineacht leis na leasuithe sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;

---

[1] IO C, C/2023/865, 08.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/865/oj.

[2] IO C 77, 28.3.2002, lch. 1.

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é, agus aird á tabhairt ar na moltaí ó Mheitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá ról cinntitheach ag taighde cógaisíochta maidir le feabhsú leanúnach na sláinte poiblí. | (2) Tá ról cinntitheach ag taighde cógaisíochta maidir le feabhsú leanúnach na sláinte poiblí. ***Ní leanfar de tháirgí íocshláinte, go háirithe na táirgí sin atá mar thoradh ar thaighde fada costasach, a fhorbairt san Aontas mura rud é go gcumhdaítear iad le rialacha fabhracha lena ndéantar foráil maidir le cosaint leordhóthanach chun an taighde sin a spreagadh. Mar sin féin, is deacair nasc díreach a bhunú idir na rialacha fabhracha sin agus iomaíochas an Aontais toisc, cé go bhfuil margaí an Aontais níos tarraingtí mar thoradh ar na rialacha sin, go bhfuil tionscnamh geografach cógas leighis agus cógais leighis údaraithe ó thríú tíortha i dteideal dreasachtaí uile an Aontais a fháil freisin, ar an gcaoi chéanna gur féidir le cuideachtaí nuálacha atá bunaithe san Aontas an tairbhe chéanna a bhaint as dreasachtaí i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(3) Ní leanfar de tháirgí íocshláinte, go háirithe na táirgí sin atá mar thoradh ar thaighde fada costasach, a fhorbairt san Aontas mura rud é go gcumhdaítear iad le rialacha fabhracha lena ndéantar foráil maidir le cosaint leordhóthanach chun an*** | ***scriosta*** |

***taighde sin a spreagadh.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart a áireamh ar cheann de na coinníollacha maidir le deimhniú a dheonú go bhfuil an táirge cosanta leis an bpaitinn bhunúsach, sa chiall gur cheart go dtiocfadh an táirge faoi raon feidhme éilimh amháin nó níos mó de chuid na paitinne sin, arna léiriú ag an duine atá oilte san ealaín ***de réir*** thuairisc na paitinne ***ar a*** dháta comhdaithe. Ní gá gur cheart go gceanglófaí leis sin go sainaithneofaí comhábhar gníomhach an táirge go sainráite sna héilimh***.*** Nó, i gcás táirge comhcheangailte, ní gá gur cheart go gceanglófaí leis sin go n-aithneofaí gach ceann dá shubstaintí gníomhacha go sainráite sna héilimh, ar choinníoll go bhfuil gach ***ceann acu*** inaitheanta go sonrach i bhfianaise na faisnéise go léir a nochtar leis an bpaitinn sin. | (8) Ba cheart go mbeadh sé ar cheann de na coinníollacha maidir le deimhniú a dheonú go bhfuil an táirge cosanta leis an bpaitinn bhunúsach, sa chiall gur cheart go dtiocfadh an táirge faoi raon feidhme éilimh amháin nó níos mó de chuid na paitinne sin, arna léiriú ag an duine atá oilte san ealaín ***i bhfianaise*** thuairisc ***agus líníochtaí*** na paitinne***, ar bhonn eolas ginearálta an duine sin sa réimse ábhartha agus ar bhonn na húrscothachta ar an*** dáta comhdaithe ***nó ar dháta tosaíochta na paitinne bunúsaí***. Ní gá gur cheart go gceanglófaí leis sin go sainaithneofaí substaint ghníomhach an táirge go sainráite sna héilimh nó, i gcás comhtháirge, ní gá gur cheart go gceanglófaí leis sin go sainaithneofaí gach ceann dá shubstaintí gníomhacha go sainráite sna héilimh, ar choinníoll go bhfuil gach ***substaint ghníomhach*** in-sainaitheanta go sonrach i bhfianaise na faisnéise uile a nochtar leis an bpaitinn sin***, ar bhonn na húrscothachta ar dháta comhdaithe nó ar dháta tosaíochta na paitinne bunúsaí***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun róchosaint a sheachaint, ba cheart a fhoráil nach bhfeadfar cosaint a thabhairt don táirge céanna i mBallstát ach le haon deimhniú amháin, cibé acu náisiúnta nó aonadach. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal nár cheart go mbeadh an táirge, nó aon díorthach ***atá coibhéiseach go teiripeach*** amhail salainn, eistir, éitir, isiméirí, meascáin d'isiméirí, coimpléascaigh nó bithshamhlacha, tar éis a bheith ina n-ábhar deimhnithe cheana féin, ***cibé acu ina n-aonar nó in éineacht le comhábhar gníomhach breise amháin nó níos mó,*** agus cibé acu le haghaidh an táisc theiripigh chéanna nó le haghaidh ceann eile. | (9) Chun róchosaint a sheachaint, ba cheart a fhoráil nach bhfeadfar cosaint a thabhairt don táirge céanna i mBallstát ach le haon deimhniú amháin, cibé acu náisiúnta nó aonadach. Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí nár cheart go mbeadh an táirge, nó aon díorthach amhail salainn, eistir, éitir, isiméirí, meascáin d'isiméirí, coimpléisc nó táirgí bithchosúla, tar éis a bheith ina n-ábhar deimhnithe cheana féin, cibé acu le haghaidh an táisc theiripigh chéanna nó le haghaidh ceann eile. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Más rud é, maidir leis an údarú margaíochta a chuirtear isteach mar thaca leis an iarratas ar dheimhniú le haghaidh táirge íocshláinte bitheolaíoch, go sainaithnítear leis an údarú margaíochta sin an táirge sin trí bhíthin a Ainm Neamhdhílseánaigh Idirnáisiúnta (ANI), ba cheart an chosaint a thugtar leis an deimhniú a leathnú chuig gach ***táirge atá coibhéiseach go teiripeach*** agus ag a bhfuil an tAinm Neamhdhílseánaigh Idirnáisiúnta céanna agus atá ag an táirge dá dtagraítear san údarú margaíochta, gan | (13) Más rud é, maidir leis an údarú margaíochta a chuirtear isteach mar thaca leis an iarratas ar dheimhniú le haghaidh táirge íocshláinte bitheolaíoch, go sainaithnítear leis an údarú margaíochta sin an táirge sin trí bhíthin a Ainm Neamhdhílseánaigh Idirnáisiúnta (ANI), ba cheart an chosaint a thugtar leis an deimhniú a leathnú chuig gach ***bithshamhlach*** ag a bhfuil an tAinm Neamhdhílseánaigh Idirnáisiúnta céanna agus atá ag an táirge dá dtagraítear san údarú margaíochta, gan beann ar |

| | |
|---|---|
| beann ar mhiondifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith idir bithshamhlacha ina dhiaidh sin agus an táirge údaraithe, ar difríochtaí iad nach féidir a sheachaint de ghnáth i bhfianaise chineál na dtáirgí bitheolaíocha. | mhiondifríochtaí a d'fhéadfadh a bheith idir bithshamhlach ina dhiaidh sin agus an táirge údaraithe, ar difríochtaí iad nach féidir a sheachaint de ghnáth i bhfianaise chineál na dtáirgí bitheolaíocha. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart deis a bheith ag an Oifig táille a ghearradh ar an iarratas láraithe ar dheimhniú agus ar iarratas ar fhadú ré deimhnithe i gcás táirgí íocshláinte péidiatracha, chomh maith le táillí nós imeachta eile amhail táille le haghaidh freasúra nó achomhairc. Ba cheart na táillí a ghearrann an Oifig a leagan síos le gníomh cur chun feidhme. | (24) Ba cheart deis a bheith ag an Oifig táille a ghearradh ar an iarratas láraithe ar dheimhniú agus ar iarratas ar fhadú ré deimhnithe i gcás táirgí íocshláinte péidiatraiceacha ***i gcomhréir le hAirteagal 86 de Threoir (AE) .../... [2023/0132(COD)],*** chomh maith le táillí nós imeachta eile amhail táille le haghaidh freasúra nó achomhairc. Ba cheart na táillí a ghearrann an Oifig a leagan síos le gníomh cur chun feidhme. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ba cheart do phainéal scrúdúcháin, ar a áireofaí comhalta amháin den Oifig chomh maith le beirt scrúdaitheoirí atá fostaithe ag na hoifigí paitinne náisiúnta, an scrúdú ar iarratas láraithe ar dheimhniú a dhéanamh, faoi mhaoirseacht na | (30) Ba cheart do phainéal scrúdúcháin, ar a áireofaí comhalta amháin den Oifig chomh maith le beirt scrúdaitheoirí atá fostaithe ag na hoifigí paitinne náisiúnta, an scrúdú ar iarratas láraithe ar dheimhniú a dhéanamh, faoi mhaoirseacht na |

| | |
|---|---|
| hOifige. Ar an gcaoi sin d'áiritheofaí go mbainfí an leas is fearr as saineolas i gcúrsaí deimhnithe forlíontacha cosanta, saineolas nach bhfuil le fáil ach amháin sna hoifigí náisiúnta sa lá atá inniu ann. Chun cáilíocht optamach an scrúdaithe a áirithiú, ba cheart critéir oiriúnacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht scrúdaitheoirí sonracha sa nós imeachta láraithe, go háirithe maidir le cáilíochtaí agus coinbhleachtaí leasa. | hOifige. Ar an gcaoi sin d'áiritheofaí go mbainfí an leas is fearr as saineolas i gcúrsaí deimhnithe forlíontacha cosanta ***agus*** i gcúrsaí ***paitinní gaolmhara***, saineolas nach bhfuil le fáil ach amháin sna hoifigí náisiúnta sa lá atá inniu ann. Chun cáilíocht optamach an scrúdaithe a áirithiú, ***ba cheart don Oifig agus do na húdaráis náisiúnta inniúla a áirithiú go bhfuil an saineolas ábhartha agus taithí leordhóthanach ag scrúdaitheoirí ainmnithe ar mheasúnú a dhéanamh ar dheimhnithe forlíontacha cosanta.*** Ba cheart critéir oiriúnacha ***bhreise*** a leagan síos maidir le rannpháirtíocht scrúdaitheoirí sonracha sa nós imeachta láraithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le cáilíochtaí agus coinbhleachtaí leasa. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) Chun cosaint éifeachtach nuálaíochta a ráthú, i gcásanna práinneacha áirithe, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an phaitinn bhunúsach ar tí dul in éag, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le nós imeachta scrúdúcháin brostaithe, d'ainneoin go bhféadfadh tríú páirtithe barúlacha a thíolacadh agus leas a bhaint as réitigh eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart sásra a chur ar fáil d'iarratasóirí d'fhonn nós imeachta scrúdúcháin brostaithe a iarraidh.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Tar éis an scrúdú ar iarratas láraithe a chur i gcrích, agus tar éis do na teorainneacha ama le haghaidh achomhairc agus freasúra dul in éag, nó, i gcás inarb iomchuí, tar éis cinneadh críochnaitheach ar bhonn na bhfiúntas a bheith eisithe, ba cheart an tuairim a tharchur chuig oifigí paitinne náisiúnta na mBallstát ainmnithe faoi seach. | (33) Tar éis an scrúdú ar iarratas láraithe a chur i gcrích, agus tar éis do na teorainneacha ama le haghaidh achomhairc agus freasúra dul in éag, nó, i gcás inarb iomchuí, tar éis cinneadh críochnaitheach ar bhonn na bhfiúntas a bheith eisithe, ba cheart an tuairim a tharchur chuig oifigí paitinne náisiúnta na mBallstát ainmnithe faoi seach. ***Áiritheoidh an Oifig go ndéanfar an tarchur laistigh de thréimhse ama lena gceadófar d'oifigí paitinní náisiúnta an deimhniú a dheonú nó an t-iarratas a dhiúltú, de réir mar is infheidhme, sula rachaidh an phaitinn bhunúsach in éag.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) I gcás ina ndéanfar difear díobhálach don iarratasóir nó do pháirtí eile le cinneadh ón Oifig, ba cheart é a bheith de cheart ag an iarratasóir nó ag an bpáirtí sin, faoi réir táille, achomharc i gcoinne an chinnidh a chomhdú laistigh de 2 mhí os comhair Bord Achomhairc de chuid na hOifige. Baineann sé sin freisin leis an tuairim scrúdúcháin, rud ar ina choinne a d'fhéadfadh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh. Ba cheart cinntí ón mBord | (38) ***Chun cearta nós imeachta a choimirciú agus córas iomlán leigheasanna a áirithiú,*** i gcás ina ndéantar difear díobhálach don iarratasóir nó do pháirtí eile le cinneadh ón Oifig, ba cheart go mbeadh sé de cheart ag an iarratasóir nó ag an bpáirtí sin, faoi réir táille, achomharc i gcoinne an chinnidh a chomhdú laistigh de 2 mhí, os comhair Bhord Achomhairc na hOifige. Baineann sé sin freisin leis an tuairim scrúdúcháin, rud |

Achomhairc sin, ina dhiaidh sin, a bheith faoi réir ag caingne os comhair na Cúirte Ginearálta, cúirt a bhfuil dlínse aici an cinneadh a bhfuiltear ag cur ina aghaidh a chur ar neamhní nó a athrú. I gcás iarratas comhcheangailte lena n-áirítear iarraidh ar dheimhniú aonadach, féadfar achomharc coiteann a chomhdú.

ar ina choinne a d'fhéadfadh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh. Ba cheart cinntí ón mBord Achomhairc sin, ina dhiaidh sin, a bheith faoi réir ag caingne os comhair na Cúirte Ginearálta, cúirt a bhfuil dlínse aici an cinneadh a bhfuiltear ag cur ina aghaidh a chur ar neamhní nó a athrú. I gcás iarratas comhcheangailte lena n-áirítear iarraidh ar dheimhniú aonadach, féadfar achomharc coiteann a chomhdú.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Agus comhaltaí na mBord Achomhairc á gceapadh in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe, ba cheart a gcuid taithí roimhe sin ar dheimhniú forlíontach cosanta nó ar ábhair phaitinne a chur san áireamh. | (39) Agus comhaltaí na mBord Achomhairc á gceapadh in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe, ba cheart a ***saineolas ábhartha, a neamhspleáchas agus*** a dtaithí ***leordhóthanach*** roimhe sin i gcúrsaí deimhnithe forlíontacha cosanta agus i gcúrsaí paitinní a chur san áireamh. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41a) Tá sé tábhachtach go dtiocfadh táirgí cineálacha agus táirgí bithchosúla ar mhargadh an Aontais go tráthúil, go*** |

***háirithe chun iomaíocht a mhéadú, praghsanna a laghdú agus chun inbhuanaitheacht na gcóras náisiúnta cúraim sláinte agus rochtain níos fearr ag othair san Aontas ar chógais leighis inacmhainne a áirithiú. Leag an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an teacht isteach tráthúil sin ina conclúidí an 17 Meitheamh 2016 maidir le cothromaíocht sna córais chógaisíochta san Aontas agus ina Bhallstáit a neartú. Ar an taobh eile, ba cheart go gcuirfí san áireamh go bhfuil cearta maoine intleachtúla fós ar cheann de bhunchlocha na nuálaíochta, an iomaíochais agus an fháis sa mhargadh inmheánach.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Sna dálaí sonracha agus teoranta ***sin***, agus chun cothroime iomaíochta a chruthú idir déantóirí ***atá bunaithe san Aontas agus*** déantóirí ***tríú tír***, is iomchuí ***foráil a dhéanamh maidir le heisceacht i leith*** na cosanta a thugtar le deimhniú ionas go gceadófar ***táirge*** a dhéanamh, ***nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin*** a dhéanamh, chun críche onnmhairithe chuig tríú tíortha ***nó*** chun críche ***stórála***, agus ionas go gceadófar aon ghníomhartha gaolmhara san Aontas a bhfuil géarghá leo maidir leis an déanamh ***sin*** nó maidir leis an onnmhairiú iarbhír ***nó an stóráil iarbhír ('gníomhartha gaolmhara')***, i gcás ina gceanglófaí ar shlí eile le gníomhartha den sórt sin toiliú shealbhóir ***an*** deimhnithe. Mar shampla, | (45) Sna himthosca sonracha agus teoranta ***sin***, agus chun cothroime iomaíochta a chruthú idir déantóirí atá ***bunaithe san Aontas agus*** déantóirí ***tríú tír***, ba cheart teorainn a chur leis an gcosaint a thugtar le deimhniú ***forlíontach cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/933*** ionas go gceadófar táirgí a dhéanamh chun críche ***eisiaiche*** iad a onnmhairiú chuig tríú tíortha agus go gceadófar aon ghníomh gaolmhar san Aontas a bhfuil géarghá leis don déanamh nó don onnmhairiú ***féin***, i gcás ina mbeadh gá seachas sin, faoi na gníomhartha sin, le toiliú ó shealbhóir an deimhnithe ***('gníomhartha gaolmhara')***. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí i ngníomhartha gaolmhara substaint |

d'fhéadfadh sé go n-áireofaí sna gníomhartha ***gaolmhara*** sin comhábhar gníomhach ***a shealbhú***, a thairiscint lena sholáthar, ***a sholáthar, a allmhairiú***, a úsáid nó ***a shintéisiú*** chun táirge íocshláinte a dhéanamh. ***Féadfar a áireamh orthu freisin an táirge a stóráil*** go sealadach nó fógraíocht a dhéanamh ***ar an táirge*** sin chun críche eisiaiche onnmhairithe chuig cinn scríbe ***tríú tír***. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisceacht maidir le gníomhartha gaolmhara a dhéanann tríú páirtithe atá i gcaidreamh conarthach leis an déantóir.

ghníomhach ***a shealbhú, a sholáthar***, a thairiscint lena soláthar, ***a allmhairiú***, a úsáid nó ***a shintéisiú*** chun táirge íocshláinte ***ina bhfuil an táirge sin*** a dhéanamh, ***nó an táirge a stóráil*** go sealadach nó fógraíocht a dhéanamh ina leith chun críche eisiaiche é a onnmhairiú chuig cinn scríbe ***tríú tír***. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisceacht maidir le gníomhartha gaolmhara a dhéanann tríú páirtithe atá i gcaidreamh conarthach leis an déantóir.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart clár a bhunú a bheidh ina phointe rochtana aonair lena gcuirfear faisnéis ar fáil maidir le hiarratais ar dheimhnithe faoin nós imeachta láraithe, lena n-áirítear maidir le deimhnithe arna ndeonú ar an mbonn sin ag údaráis náisiúnta inniúla, ar cheart dóibh aon fhaisnéis ghaolmhar a roinnt leis an Oifig. Ba cheart an clár sin a bheith ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. | (60) Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart clár a bhunú a bheidh ina phointe rochtana aonair lena gcuirfear faisnéis ar fáil maidir le hiarratais ar dheimhnithe faoin nós imeachta láraithe, lena n-áirítear maidir le deimhnithe arna ndeonú ar an mbonn sin ag údaráis náisiúnta inniúla, ar cheart dóibh aon fhaisnéis ghaolmhar a roinnt leis an Oifig. Ba cheart an clár sin a bheith ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. ***Mar sin féin, níor cheart an fhaisnéis a sholáthraítear sa chlár a úsáid maidir le cleachtais maidir le nascáil paitinne agus níor cheart aon chinneadh rialála ná riaracháin a bhaineann le táirgí cineálacha nó táirgí bithchosúla, amhail údaruithe margaíochta, cinntí praghsála agus aisíocaíochta ná tairiscintí maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta a bheith ann, a bheith bunaithe ar fhaisnéis*** |

***dá bhforáiltear sa chlár.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) ciallaíonn 'nasctha go heacnamaíoch', i leith sealbhóirí éagsúla dhá phaitinn bhunúsacha nó níos mó lena gcosnaítear an táirge céanna, go ndéanann sealbhóir amháin, go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaí amháin nó níos mó, sealbhóir eile a rialú, go bhfuil sé faoi rialú sealbhóra eile nó go bhfuil sé faoi rialú comhchoiteann le sealbhóir eile.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gur deonaíodh údarú bailí chun an táirge a chur ar an margadh mar tháirge íocshláinte i gcomhréir le Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6, de réir mar is iomchuí; | (b) gur deonaíodh údarú bailí chun an táirge a chur ar an margadh mar tháirge íocshláinte i gcomhréir le Treoir .../... [2023/0132(COD)***]***, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6, de réir mar is iomchuí; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 - mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Don té a shealbhaíonn níos mó ná paitinn amháin don táirge céanna ní dheonófar níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh an táirge sin. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil ar feitheamh dhá iarratas nó níos mó maidir leis an táirge céanna agus a thagann ó bheirt sealbhóirí paitinní éagsúla nó níos mó, féadfar deimhniú amháin don táirge sin a eisiúint do gach duine de na sealbhóirí sin, i gcás nach bhfuil siad nasctha go heacnamaíoch. | 3. Don té a shealbhaíonn níos mó ná paitinn amháin don táirge céanna ní dheonófar níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh an táirge sin. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil ar feitheamh dhá iarratas nó níos mó maidir leis an táirge céanna agus a thagann ó bheirt sealbhóirí paitinní éagsúla nó níos mó, féadfar deimhniú amháin don táirge sin a eisiúint do gach duine de na sealbhóirí sin, i gcás nach bhfuil siad nasctha go heacnamaíoch. ***Beidh feidhm mutatis mutandis ag an bprionsabal céanna maidir le hiarratais arna gcur isteach ag an sealbhóir maidir leis an táirge céanna ar deonaíodh deimhniú nó deimhniú aonadach amháin nó níos mó ina leith cheana do shealbhóirí éagsúla eile paitinní éagsúla.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar mhír 1, ní thabharfar leis an deimhniú cosaint i gcoinne gníomhartha áirithe a mbeadh gá seachas sin le toiliú ón sealbhóir deimhnithe, má chomhlíontar na coinníollacha go léir seo a leanas: | 2. De mhaolú ar mhír 1, ***agus i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... [2023/0130(COD)]***, leis an deimhniú ní thabharfar cosaint i gcoinne gníomhartha áirithe a mbeadh gá seachas sin le toiliú ó shealbhóir an deimhnithe ina leith, má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas: |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) táirge a dhéanamh, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin a dhéanamh, chun críche onnmhairithe chuig tríú tíortha; | (i) táirge a dhéanamh, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin a dhéanamh, chun críche onnmhairithe chuig tríú tíortha; ***or*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) aon ghníomh gaolmhar a bhfuil géarghá leis i gcomhair ***an*** déanaimh***,*** san Aontas***, dá dtagraítear i bpointe (i),*** nó i gcomhair an onnmhairithe iarbhír; | (ii) aon ghníomh gaolmhar a bhfuil géarghá leis i gcomhair an déanaimh ***sin*** san Aontas nó i gcomhair an onnmhairithe ***féin***; ***or*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) táirge a dhéanamh, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin a dhéanamh, tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag an deimhnithe, chun é a stóráil i mBallstát an déanaimh***,*** d'fhonn an | (iii) táirge a dhéanamh, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin a dhéanamh, tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag an deimhnithe, chun é a stóráil i mBallstát an déanaimh d'fhonn an |

| | |
|---|---|
| táirge sin, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin, a chur ar mhargadh na mBallstát tar éis don deimhniú ***comhfhreagrach*** dul in éag; | táirge sin, nó táirge íocshláinte ina bhfuil an táirge sin, a chur ar mhargadh na mBallstát tar éis don deimhniú dul in éag; ***or*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe a – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) aon ghníomh gaolmhar a bhfuil géarghá leis i gcomhair an déanaimh***,*** san Aontas***,*** dá dtagraítear i bpointe (iii), nó i gcomhair na stórála iarbhír, ar choinníoll go ndéanfar an gníomh gaolmhar sin tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag an deimhnithe. | (iv) aon ghníomh gaolmhar a bhfuil géarghá leis i gcomhair an déanaimh san Aontas ***dá*** dtagraítear i bpointe (iii), nó i gcomhair na stórála ***féin***, ar choinníoll go ndéanfar an gníomh gaolmhar sin tráth nach luaithe ná 6 mhí roimh dhul in éag an deimhnithe. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) más infheidhme, toiliú ón tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) faisnéis maidir le haon tacaíocht airgeadais phoiblí dhíreach arna fáil le haghaidh taighde a bhaineann le forbairt an táirge.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Foilseoidh an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 9(1), ***a luaithe is féidir***, fógra á rá gur deonaíodh deimhniú. Beidh an fhaisnéis seo a leanas go léir san fhógra: | 1. Foilseoidh an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 9(1), ***gan moill mhíchuí***, fógra á rá gur deonaíodh deimhniú. Beidh an fhaisnéis seo a leanas go léir san fhógra: |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) faisnéis maidir le haon tacaíocht airgeadais phoiblí dhíreach arna fáil le haghaidh taighde a bhaineann le forbairt an táirge.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) deonaíodh an deimhniú ar shlí atá contrártha d'Airteagal 3; | (a) deonaíodh an deimhniú ar shlí atá contrártha d'Airteagal 3 ***nó 6(2)***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh aon duine iarratas a chur faoi bhráid an chomhlachta atá freagrach faoin dlí náisiúnta as an bpaitinn bhunúsach chomhfhreagrach a chúlghairm, ar iarratas é ar fhadú na ré a deonaíodh faoin gCaibidil seo a chúlghairm. | 2. Féadfaidh aon duine iarratas a chur faoi bhráid an chomhlachta atá freagrach faoin dlí náisiúnta as an bpaitinn bhunúsach chomhfhreagrach a chúlghairm, ar iarratas é ar fhadú na ré a deonaíodh faoin gCaibidil seo a chúlghairm ***nó os comhair cúirt inniúil Ballstáit***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheofar trédhearcacht iomlán le linn an imeachta achomhairc iomláin, a bheidh oscailte, nuair is féidir, do rannpháirtíocht an phobail.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inar paitinn Eorpach í an phaitinn bhunúsach, lena n-áirítear paitinn aonadach, agus i gcás inar deonaíodh an t-údarú chun an táirge a chur ar an margadh tríd an nós imeachta láraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6, beidh feidhm ag an nós imeachta sa Chaibidil seo. | 1. I gcás inar paitinn Eorpach í an phaitinn bhunúsach, lena n-áirítear paitinn aonadach, agus i gcás inar deonaíodh an t-údarú chun an táirge a chur ar an margadh***, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le Treoir .../... [2023/0132(COD)],*** tríd an nós imeachta láraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6, beidh feidhm ag an nós imeachta sa Chaibidil seo. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gcomhlíonann an t-iarratas láraithe Airteagal 22 , nó i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratas ar fhadú ré deimhnithe Airteagal 33(2), foilseoidh an Oifig an t-iarratas, gan moill mhíchuí***, sa Chlár***. | I gcás ina gcomhlíonann an t-iarratas láraithe Airteagal 22, nó i gcás ina gcomhlíonann an t-iarratas ar fhadú ré deimhnithe Airteagal 33(2), foilseoidh an Oifig an t-iarratas, gan moill mhíchuí, ***sa Chlár agus tráth nach déanaí ná 5 lá oibre ina dhiaidh sin***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Measfaidh an Oifig an t-iarratas ar bhonn na gcoinníollacha uile in Airteagal 3(1) le haghaidh gach ceann de na Ballstáit ainmnithe. | 1. Déanfaidh an Oifig measúnú ar an iarratas ar bhonn na gcoinníollacha uile in Airteagail 3(1) agus ***(3) agus in Airteagal 6(2)*** le haghaidh gach ceann de na Ballstáit ainmnithe. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina ndéanann an t-iarratas láraithe ar dheimhniú agus an táirge lena mbaineann sé Airteagal 3(1) a chomhlíonadh i leith gach ceann nó roinnt de na Ballstáit ainmnithe, glacfaidh an Oifig tuairim réasúnaithe dhearfach i leith na mBallstát sin. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir. | 2. I gcás ina ndéanann an t-iarratas láraithe ar dheimhniú agus an táirge lena mbaineann sé Airteagal 3(1) agus ***(3) agus Airteagal 6(2)*** a chomhlíonadh i leith gach ceann nó roinnt de na Ballstáit ainmnithe, glacfaidh an Oifig tuairim scrúdúcháin dhearfach réasúnaithe i leith na mBallstát sin. Tabharfaidh an Oifig fógra faoin tuairim sin don iarratasóir ***agus foilseoidh sí an tuairim ar an gclár tiomnaithe gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. I gcás nach ndéanann an t-iarratas láraithe ar dheimhniú agus an táirge lena mbaineann sé Airteagal 3(1) a chomhlíonadh i leith gach ceann nó roinnt de na Ballstáit ainmnithe, glacfaidh an Oifig tuairim réasúnaithe dhiúltach i leith na mBallstát sin. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir. | 3. I gcás nach ndéanann an t-iarratas láraithe ar dheimhniú agus an táirge lena mbaineann sé Airteagal 3(1) agus ***(3) agus Airteagal 6(2)*** a chomhlíonadh i leith gach ceann nó roinnt de na Ballstáit ainmnithe, glacfaidh an Oifig tuairim scrúdúcháin dhiúltach réasúnaithe i leith na mBallstát sin. Tabharfaidh an Oifig fógra faoin tuairim sin don iarratasóir ***agus foilseoidh sí an tuairim ar an gclár tiomnaithe gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***5a. Glacfaidh an Oifig tuairim scrúdúcháin laistigh de 6 mhí tar éis fhoilsiú an iarratais láraithe sa Chlár. Gan dochar d'Airteagail 25, 26 agus 28 den Rialachán seo, nuair a bheidh údar cuí leis ar chúiseanna práinne, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar nós imeachta brostaithe a thíolacadh. I gcás ina meastar údar a bheith leis an iarraidh ar nós imeachta scrúdúcháin brostaithe, glacfaidh an Oifig tuairim scrúdúcháin laistigh de 4 mhí ó fhoilsiú an iarratais ar dheimhniú aonadach.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta brostaithe i gcomhréir le hAirteagal 24 (5a), déanfar barúlacha a thíolacadh laistigh de 6 seachtaine tar éis fhoilsiú an iarratais sa Chlár.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní fhéadfar freasúra a chomhdú ach amháin ar na forais nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 i gcás ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit ainmnithe. | 2. Ní fhéadfar freasúra a chomhdú ach amháin ar na forais nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 ***nó 6*** i gcás ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit ainmnithe. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) aon fhianaise ar a mbraitheann an freasúróir chun tacú leis an bhfreasúra.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina dtabharfaidh an painéal freasúra dá aire nach gcomhlíontar míreanna 2, 3, nó 4 leis an bhfógra freasúra, diúltóidh sé don fhreasúra toisc é a bheith neamh-inghlactha, agus cuirfidh sé ***an méid sin in iúl don*** fhreasúróir, mura rud é gur leigheasadh na heasnaimh sin roimh dhul in éag don tréimhse comhdaithe freasúra dá dtagraítear i mír 1. | 6. I gcás ina dtabharfaidh an painéal freasúra dá aire nach gcomhlíontar míreanna 2, 3, nó 4 leis an bhfógra freasúra, diúltóidh sé don fhreasúra toisc é a bheith neamh-inghlactha, agus cuirfidh sé ***a chinneadh chomh maith leis an réasúnaíocht lena chinneadh*** in iúl ***don*** fhreasúróir, mura rud é gur leigheasadh na heasnaimh sin roimh dhul in éag don tréimhse comhdaithe freasúra dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Foilseoidh an Oifig cinneadh maidir leis an bhfreasúra laistigh de 6 mhí, mura n-éilítear tréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an cháis. | 9. Eiseoidh an Oifig cinneadh maidir leis an bhfreasúra, ***lena n-áirítear réasúnaíocht mhionsonraithe dá cinneadh***, laistigh de 6 mhí, mura n-éilítear tréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an cháis. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. I gcásanna inar comhdaíodh roinnt freasúraí i gcoinne tuairim scrúdúcháin, déileálfaidh an Oifig go comhpháirteach leis na freasúraí agus eiseoidh sí aon chinneadh amháin maidir leis na freasúraí uile a comhdaíodh.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Má mheasann an painéal freasúra nach ann d’fhoras fhreasúra lena ndéantar dochar do choinneáil ar bun na tuairime scrúdúcháin, diúltóidh sé don fhreasúra, agus luafaidh an Oifig an méid sin sa Chlár. | 10. Má mheasann an painéal freasúra nach ann d’fhoras freasúra lena ndéantar dochar do choinneáil ar bun na tuairime scrúdúcháin, diúltóidh sé don fhreasúra agus ***tabharfaidh sé fógra don fhreasúróir faoina chinneadh*** agus luafaidh an Oifig an méid sin sa Chlár. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. Áiritheofar trédhearcacht iomlán le linn an imeachta freasúra iomláin, a bheidh oscailte, nuair is féidir, do rannpháirtíocht an phobail.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ar iarraidh a dhéanfar chuig an Oifig, féadfaidh an Oifig aon údarás náisiúnta inniúil a cheapadh mar oifig rannpháirteach sa nós imeachta scrúdúcháin. A luaithe a cheapfar údarás náisiúnta inniúil i gcomhréir leis an Airteagal seo, ainmneoidh an t-údarás sin scrúdaitheoir amháin nó níos mó a mbeidh baint aige le scrúdú a dhéanamh ar iarratais láraithe amháin nó níos mó. | 1. Ar iarraidh a dhéanfar chuig an Oifig, féadfaidh an Oifig aon údarás náisiúnta inniúil a cheapadh mar oifig rannpháirteach sa nós imeachta scrúdúcháin. A luaithe a cheapfar údarás náisiúnta inniúil i gcomhréir leis an Airteagal seo, ainmneoidh an t-údarás sin scrúdaitheoir amháin nó níos mó a mbeidh baint aige le scrúdú a dhéanamh ar iarratais láraithe amháin nó níos mó***, ar bhonn a gcuid saineolais ábhartha agus a gcuid taithí sa réimse***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***cothromaíocht thíreolaíoch i measc na n-oifigí rannpháirteacha***; | (a) ***saineolas ábhartha agus taithí leordhóthanach ar imscrúdú a dhéanamh ar phaitinní agus ar dheimhnithe forlíontacha cosanta, lena n-áirithítear, go háirithe, go mbeidh taithí 5 bliana ar a laghad ag scrúdaitheoir amháin ar a laghad ar imscrúdú a dhéanamh ar phaitinní agus ar dheimhnithe forlíontacha cosanta***; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) i gcás inar féidir, cothromaíocht gheografach i measc na n-oifigí rannpháirteacha;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ní bhainfidh ***níos mó ná*** scrúdaitheoir ***amháin*** atá fostaithe ag údarás náisiúnta inniúil as an díolúine ***a leagtar síos*** in Airteagal 10(5). | (c) ***nach bhfuil*** aon scrúdaitheoir atá fostaithe ag údarás náisiúnta inniúil ag baint leas as an díolúine ***a leagtar amach*** in Airteagal 10(5) ***den Rialachán seo***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ag an Oifig laistigh de 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh. Ní mheasfar an fógra a bheith comhdaithe ach amháin go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc a | 3. Déanfar fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ag an Oifig laistigh de 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh. Ní mheasfar an fógra a bheith comhdaithe ach amháin go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc***, lena*** |

| | |
|---|---|
| chomhdú laistigh de ***4*** mhí ó dháta fógartha an chinnidh***.*** | ***n-áirítear an fhianaise chomhfhreagrach ar a bhfuiltear ag brath,*** a chomhdú laistigh de ***3*** mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar aon fhreagra ar ráiteas maidir le forais achomhairc a thíolacadh i scríbhinn tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta an fhógra faoi ráiteas maidir le forais achomhairc. I gcás inarb infheidhme, socróidh an Oifig dáta le haghaidh éisteacht ó bhéal laistigh de 3 mhí tar éis an freagra ar fhorais an achomhairc a chomhdú nó laistigh de 6 mhí ón bhforais achomhairc a chomhdú, cibé acu is luaithe. Eiseoidh an Oifig cinneadh i scríbhinn laistigh de 3 mhí ón éisteacht ó bhéal nó ón bhfreagra ar an ráiteas maidir le forais achomhairc a chomhdú, de réir mar is infheidhme.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Más rud é, mar thoradh ar achomharc os comhair Bhoird Achomhairc na hOifige, go dtiocfar ar chinneadh nach | 5. Más rud é, mar thoradh ar achomharc os comhair Bhoird Achomhairc na hOifige, go dtiocfar ar chinneadh nach |

| | |
|---|---|
| bhfuil i gcomhréir leis an tuairim scrúdúcháin agus i gcás ina n-athchuirtear an t-achomharc faoi bhráid na hOifige, ***féadfar***, le cinneadh na mBord, an tuairim sin a neamhniú nó a athrú sula dtarchuirfear é chuig údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát ainmnithe. | bhfuil i gcomhréir leis an tuairim scrúdúcháin agus i gcás ina n-athchuirtear an t-achomharc faoi bhráid na hOifige, ***déanfar***, le cinneadh na mBord, an tuairim sin a neamhniú nó a athrú sula dtarchuirfear í chuig údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát ainmnithe. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir le comhaltaí de na Boird Achomhairc in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe, ceapfar iad i gcomhréir le hAirteagal 166 (5) de Rialachán (AE) 2017/1001. | 4. Maidir le comhaltaí de na Boird Achomhairc in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe, ceapfar iad i gcomhréir le hAirteagal 166 (5) de Rialachán (AE) 2017/1001. ***Agus comhaltaí na mBord Achomhairc á gceapadh in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe, ba cheart a gcuid taithí roimhe sin ar dheimhniú forlíontach cosanta nó ar ábhair phaitinne a chur san áireamh.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh feidhm ag Airteagal 166(9) de Rialachán (AE) 2017/1001 maidir le Boird Achomhairc in ábhair a bhaineann le hiarratais láraithe ar dheimhnithe.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfar an tarchur sin gan moill mhíchuí laistigh de thréimhse ama lena gceadófar d'údaráis náisiúnta inniúla gach Ballstáit ainmnithe deimhniú a dheonú nó a dhiúltú, de réir mar is infheidhme, de réir na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme, sula rachaidh an phaitinn bhunúsach in éag.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Cuirfidh an t-údarás náisiúnta inniúil an t-iarratasóir ar an eolas faoina chinneadh gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh tríú páirtithe barúlacha a chur isteach i leith iarratas láraithe ar fhadú ré na ndeimhnithe. | 4. Féadfaidh tríú páirtithe barúlacha ***nó freasúra*** a chur isteach i leith iarratas láraithe ar fhadú ré na ndeimhnithe. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Oifig Clár leictreonach a fhorbairt, a choimeád agus a choinneáil ar bun, lena soláthrófar faisnéis atá cothrom le dáta maidir le stádas na n-iarratas láraithe foilsithe go léir, agus maidir le stádas gach iarratais láraithe ar fhadú ré na ndeimhnithe. | 1. Déanfaidh an Oifig Clár leictreonach***, inchuardaithe agus poiblí*** a fhorbairt, a choimeád agus a choinneáil ar bun, lena soláthrófar faisnéis atá cothrom le dáta maidir le stádas na n-iarratas láraithe foilsithe go léir, agus maidir le stádas gach iarratais láraithe ar fhadú ré na ndeimhnithe. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) faisnéis maidir le haon tacaíocht airgeadais phoiblí dhíreach arna fáil le haghaidh taighde a bhaineann le forbairt an táirge;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) dáta na tuairime scrúdúcháin i leith gach ceann de na Ballstáit ainmnithe agus ***achoimre uirthi***; | (k) dáta na tuairime scrúdúcháin i leith gach ceann de na Ballstáit ainmnithe; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) i gcás inarb infheidhme, comhdú freasúra, agus a thoradh, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe; | (n) i gcás inarb infheidhme, comhdú freasúra, ***a stádas*** agus a thoradh, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) i gcás inarb infheidhme, comhdú achomhairc, agus toradh na n-imeachtaí achomhairc, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe; | (o) i gcás inarb infheidhme, comhdú achomhairc, ***a stádas*** agus toradh na n-imeachtaí achomhairc, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. De mhaolú ar Airteagal 35(9)(b), ní úsáidfidh údaráis phoiblí an fhaisnéis dá bhforáiltear sa chlár le haghaidh cleachtais maidir le nascáil paitinne agus ní bhunófar aon chinneadh rialála nó riaracháin a bhaineann le táirgí cineálacha nó bithshamhlach ar fhaisnéis dá bhforáiltear sa chlár ná ní úsáidfear iad chun údarú margaíochta, cinntí praghsála agus aisíocaíochta ná tairiscintí a dhiúltú, a chur ar fionraí, moill a chur orthu, iad a tharraingt siar ná a chúlghairm.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir le himeachtaí ó bhéal os comhair painéal scrúdúcháin nó painéal freasúra, ní bheidh siad ar oscailt don phobal.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le himeachtaí ó bhéal os comhair na mBord Achomhairc, lena n-áirítear fógairt an chinnidh agus, de réir mar a bheidh, fógairt cinnidh athbhreithnithe, beidh siad ar oscailt don phobal, mura gcinnfidh na Boird Achomhairc a mhalairt i gcásanna ina bhféadfadh míbhuntáistí tromchúiseacha gan údar a bheith ag baint leis an bpobal a ligean isteach, go háirithe le haghaidh páirtí sna himeachtaí. | 3. Maidir le himeachtaí ó bhéal os comhair ***painéal scrúdúcháin, painéal freasúra nó*** na mBord Achomhairc, lena n-áirítear fógairt an chinnidh agus, de réir mar a bheidh, fógairt tuairime athbhreithnithe, beidh siad ar oscailt don phobal, mura gcinnfidh an ***painéal scrúdúcháin, an painéal freasúra nó na*** Boird Achomhairc a mhalairt i gcásanna ina bhféadfadh míbhuntáistí tromchúiseacha gan údar a bheith ann dá ligfí isteach an pobal ***chuig na himeachtaí uile ó bhéal nó chuig cuid díobh***, go háirithe do pháirtí sna himeachtaí. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Má mheasann an Oifig nó an painéal ábhartha go bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh páirtí, finné nó saineolaí fianaise ó bhéal, eiseoidh sí toghairm don duine lena mbaineann chun teacht os a comhair. 1 mhí amháin ar a laghad a bheidh sa tréimhse fógra i dtoghairm den sórt sin, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn siad ar thréimhse níos giorra. | 3. Má mheasann an Oifig nó an painéal ábhartha go bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh páirtí, finné nó saineolaí fianaise ó bhéal, eiseoidh sí toghairm don duine lena mbaineann chun teacht os a comhair. ***I gcás ina gcuirtear toghairm ar shaineolaí, fíoróidh an Oifig nó an painéal ábhartha, de réir mar is infheidhme, go bhfuil an duine sin saor ó aon choinbhleacht leasa.*** 1 mhí amháin ar a laghad a bheidh sa tréimhse fógra i dtoghairm den sórt sin, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn siad ar thréimhse níos giorra. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: 5 bliana tar éis dháta an chur i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar chur i bhfeidhm Chaibidil III. | 2. Faoin ... [IO: cuir isteach: 5 bliana tar éis dháta an chur i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar chur i bhfeidhm Chaibidil III***, agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa***. ***Ba cheart measúnú a dhéanamh sa mheastóireacht, go háirithe, ar baineadh amach cuspóirí na bhforálacha sa Chaibidil sin.*** |